



NCCA An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath na nGearrchúrsaí de chuid na Sraithe Sóisearaí, Códú agus Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Meitheamh 2024

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ.....	- 3 -
2. FAISNÉIS CHÚLRA	- 6 -
2.1 Códú.....	- 6 -
2.2 Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha	- 7 -
3. AN PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE.....	- 8 -
3.1 Cur chuige modheolaíoch	- 8 -
Cuartheanna scoile.....	- 8 -
Aighneachtaí i scríbhinn.....	- 8 -
Suirbhé múinteora.....	- 8 -
Anailísiú sonraí.....	- 8 -
4. AISEOLAS ATHBHREITHNITHE.....	- 10 -
4.1 Códú.....	- 10 -
Athbhreithniú gearrchúrsa: forbhreathnú ar rannpháirtíocht.....	- 10 -
Aidhm an ghearrchúrsa.....	- 10 -
Ábharthacht fhoghlaim an scoláire mar atá leagtha amach thar na snáithí.....	- 11 -
Na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.....	- 12 -
An Measúnú Rangbhunaithe agus na Treoirlínte Measúnaithe.....	- 13 -
Aiseolas ó scoileanna i dtaca le tabhairt isteach an ghearrchúrsa	- 15 -
4.2 Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha	- 16 -
Athbhreithniú gearrchúrsa: forbhreathnú ar rannpháirtíocht.....	- 16 -
Aidhm an ghearrchúrsa.....	- 16 -
Ábharthacht fhoghlaim an scoláire mar atá leagtha amach thar na snáithí.....	- 16 -
Na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.....	- 18 -
An Measúnú Rangbhunaithe, na Treoirlínte Measúnaithe agus tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire	- 20 -
Aiseolas ó scoileanna i dtaca le tabhairt isteach an ghearrchúrsa	- 21 -
5. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE.....	- 22 -
5.1 Aiseolas a bhaineann go díreach leis na gearrchúrsaí sa Chódú/i Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha	- 22 -
Códú: Croí-léargais agus freagraí beartaithe	- 23 -
Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha: Croí-léargais agus freagraí beartaithe.....	- 24 -

5.2 Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach	- 27 -
TAGAIRTÍ	- 28 -
AGUISÍN A:	- 29 -
Códú.....	- 29 -
Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha	- 29 -
Teimpléad Codaithe le haghaidh Aighneachtaí Scríofa.....	- 30 -
Teimpléad um Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha le haghaidh Aighneachtaí Scríofa	- 31 -

1. Réamhrá

Is éard is aidhm le Creat 2015 don tSraith Shóisearach ná tacú le soláthar an oideachais ardchaighdeáin ionchuimsithigh ábhartha lena bhfreastalaítear ar riachtanais scoláirí na sraithe sóisearaí anois agus amach anseo (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015). Croí-ghné den Chreat ná go dtugann sé solúbthacht do scoileanna chun cláir a dhearadh atá oiriúnaithe dá gcomhthéacsanna sonracha féin agus do riachtanais a gcuid scoláirí. Bíonn an dearadh clár á threorú ag ocht bprionsabal tacaíochta, ceithre ráiteas foghlama is fiche agus ocht bpríomhscil na sraithe sóisearaí. Socraíonn scoileanna ar theaghlaim na n-ábhar, na ngearrchúrsaí agus na n-aonad foghlama tacaíochta (AFTanna) a thairgtear don scoláire.

Is éard is príomhchuspóir leis na ngearrchúrsaí ná níos mó neamhspleáchais a thabhairt do scoileanna i dtaca le seachadadh a gcláir sraithe sóisearaí. Le cuimsiú na ngearrchúrsaí i gclár sraithe sóisearaí, éascaítear don scoil na heispéiris foghlama a leathnú don scoláire, freagairt do spéiseanna an scoláire agus rochtain a chur ar fáil ar réimsí foghlama nach gclúdaítear le teaghlaim na n-ábhar curaclaim atá ar fáil sa scoil. Tá sonraíthe sa Chreat don tSraith Shóisearach go mbeidh an soláthar ngearrchúrsaí éagsúil ó scoil go scoil agus, ar na tosca a rachaidh i bhfeidhm air, go mbeidh dearadh agus inneachar chlár sraithe sóisearaí na scoile agus an clár ama, na hacmhainní a bheidh ar fáil, riachtanais agus spéiseanna an scoláire, infhaighteacht, taithí agus saineolas múinteoirí agus dearcadh na dtuismitheoirí/caomhnóirí (ROS, 2015).

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tar éis roinnt ngearrchúrsaí a fhorbairt atá ailínithe go ginearálta le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Áirítear orthu sin:

- Códú
- Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha
- Teanga agus Cultúr na Síne
- Taibhiú Ealaíne
- An Fhealsúnacht.

Cuimsíonn trí ngearrchúrsa eile cuid den 400 uair an chloig d'oideachas Folláine:

- OSSP (Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil)
- CO (Corpoideachas)
- OSPA (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte).

Deartar gach ngearrchúrsa le haghaidh 100 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláire thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, diomaite den CO, a dteastaíonn 135 uair an chloig lena aghaidh. Déantar measúnú foirmitheach ar na ngearrchúrsaí agus trí Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) agus tuairiscíonn an scoil don scoláire agus do thuismitheoirí/caomhnóirí ina leith. Níl aon scrúdú deiridh ann ach tuairiscítear an tuairiscín do MRB an ngearrchúrsa ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Táthar tar éis seacht ngearrchúrsa breise a fhorbairt le haghaidh Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 chomh maith. Tá sonraíocht gach ngearrchúrsa ar fáil ag

<https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/short-courses/>. Chomh maith leis sin, féadann scoileanna a ngearrchúrsa féin a dhearadh nó teacht ar ghearrchúrsaí a bheadh deartha ag scoileanna nó eagraíochtaí eile agus tá de sholúbthacht acu aon ghearrchúrsa de chuid CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile.

Tá leagtha amach sa tuarascáil seo forléargas ar dhá cheann de na gearrchúrsaí seo: Códú agus Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, agus ansin, tá achoimre ar na torthaí. Ag deireadh na tuarascála, tá croí-léargais agus freagraí molta le haghaidh gach gearrchúrsa bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, agus tá achoimre ar na léargais a fuarthas chun tacú le forfheidhmiú leantach Chreat 2015 don tSraith Shóisearach.


2. Faisnéis Chúlra

Té forléargas gairid sa rannán seo ar an tsonraíocht churaclaim do gach ceann de na gearrchúrsaí agus ar na socruithe measúnaithe atá leagtha amach sna Treoirínte Measúnaithe le haghaidh gach cúrsa a ndearnadh athbhreithniú air. Tá siad seo tábhachtach chun comhthéacs a sholáthar agus breithniú á dhéanamh ar thorthaí an athbhreithnithe.

2.1 Códú

Foilsíodh an [gearrchúrsa Códaithe](#) in 2016 agus léirigh sé an fás ar thionscail teicneolaíochta agus an gá a bhí le scileanna ríomhaire-bhunaithe a fhorbairt a thuilleadh in Éirinn, nó bhí muid, ag an am, agus tá fós, mar lárionad Eorpach ag go leor comhlachtaí digiteacha idirnáisiúnta. B'aitheantas é freisin ar na héilimh ar chúrsa a bheadh oiriúnaithe do riachtanais agus spéiseanna na scoláirí sin a bhí ag freastal ar chlubanna áitiúla códaithe ina gceantar féin, líon scoláirí a bhí ag fás.

Tá sé mar aidhm ag an ngearrchúrsa códaithe ná 'cumas an scoláire a fhorbairt maidir le fadhbanna a cheapadh go loighciúil; cód a dhearadh, a scríobh agus a thástáil trí chlár, aipeanna, cluichí, beochaintí nó suíomhanna gréasáin a fhorbairt, agus trína ghníomhaíochtaí foghlama roghnaithe chun foghlaim faoin ríomheolaíocht' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016a, lch 5). Tá an fhoghlaim sa ghearrchúrsa leagtha amach thar 25 toradh foghlama agus í eagraithe ina trí shnáithe, mar atá léirithe sa ghrafaic thíos.



Fíor 1: Na trí shnáithe den ghearrchúrsa Códaithe


Diomaite den CO, tá Measúnú Rangbhunaithe (MRB) amháin ag baint le gach gearrchúrsa de chuid na sraithe sóisearaí. Sa Chódú, comhlánaíonn an scoláire tionscadal deiridh dá MRB dar teideal *Na Píosaí a Fhí ina Chéile*. Is ionann an tionscadal seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an chúrsa. Déanann scoláirí tionscadal deiridh bogearraí dá rogha féin a fhorbairt, i ngrúpaí de bheirt nó de thriúr. Déanann siad taighde agus socraíonn na riachtanais agus ansin déanann siad a mbogearraí a dhearadh, a chur i bhfeidhm, a thástáil agus a chur i láthair.

Tugann staitisticí rollaithe scoláirí ó Bhunachar Sonraí Ar Líne Iar-bhunscolaíochta na Roinne Oideachais le fios go ndearna 116 scoil an gearrchúrsa a thairiscint mar chuid de churaclam na sraithe sóisearaí acu in 2021-2022.

2.2 Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Foilsíodh an gearrchúrsa ‘[Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha](#)’ in 2016 agus rinneadh é a fhorbairt mar fhreagairt ar úsáid mhéadaitheach na meán digiteach i measc daoine óga. Is é a bhí beartaithe leis go dtabharfadh sé ‘deiseanna don scoláire an fhaisnéis agus an t-eolas atá ar fáil ar líne a iniúchadh agus a fháil, á éascú dóibh leanúint dá gcuid spéiseanna, iad féin a chur in iúl ar líne agus fadhbanna a bhaineann lena saol féin a réiteach’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016b, lch 4)

Is éard is aidhm leis an ngearrchúrsa Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha (LMD) ná ‘cumas an scoláire a mhéadú agus a bheachtú le teicneolaíocht dhigiteach, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid go cruthaitheach, go criticiúil agus go sábháilte, mar thaca lena bhforbairt, foghlaim agus cumas páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol sóisialta agus pobail’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016b, lch 5). Tá an fhoghlaim sa ghearrchúrsa leagtha amach thar 28 toradh foghlama agus í eagraithe ina ceithre shnáithe, mar atá léirithe sa ghrafaic thíos.



Fíor 2: Na ceithre shnáithe sa gearrchúrsa Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Diomaite den CO, tá Measúnú Rangbhunaithe (MRB) amháin ag baint le gach gearrchúrsa de chuid na sraithe sóisearaí. Sa LMD, déanann an scoláire tionscadal deiridh ar a rogha topaic féin don MRB. Déantar an tionscadal a fhoilsiú i bhformáid dhigiteach agus ba cheart go léireodh sé rannpháirteachas leis na réimsí foghlama atá leagtha amach sna ceithre shnáithe den tsonraíocht.

Tugann staitisticí rollaithe scoláirí ó Bhunachar Sonraí Ar Líne Iar-bhunscolaíochta na Roinne Oideachais le fios go ndearna 119 scoil an gearrchúrsa a thairiscint mar chuid de churaclam na sraithe sóisearaí acu in 2021-2022.

3. An Próiseas Athbheithnithe

Chuimsigh an t-athbheithniú na trí mhodh rannpháirtíochta seo a leanas le linn mhíonna an Aibreáin agus na Bealtaine 2023:

- Suirbhé ar líne a cuireadh amach chuig múinteoirí in iar-bhunscoileanna ina raibh na gearrchúrsaí seo ar tairiscint sa scoilbhliain 2021-2022
- Aighneachtaí scríofa-é-pháirtithe/comhlachtaí leasmhara
- Cuairteanna scoile d'fhonn dearcthaí agus eispéiris na scoláirí (idir iad sin a bhí ag gabháil don ghearrchúrsa ag an am sin, agus iad sin a raibh sé curtha i gcrích acu cheana), na múinteoirí agus lucht ceannasaíochta na scoile a ghabháil.

Bhí gach modh rannpháirteachais bunaithe thart ar thacar de théamaí treoracha agus iad dírithe ar aidhm na sonraíochta, ábharthacht na foghlama a bhí leagtha amach sa tsonraíocht, pleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama, agus measúnú agus tuairisciú lena n-áirítear an MRB agus na Treoirínte Measúnaithe.

3.1 Cur chuige modheolaíoch

Cuairteanna scoile

Toghadh na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh na gcuairteanna as measc na scoileanna sin ina raibh an Códú agus/nó Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha ar tairiscint sa scoilbhliain 2021-2022. Bhí an liosta seo de scoileanna bunaithe ar shonraí ón mBunachar Sonraí Iar-bhunscolaíochta Ar Líne. Eisíodh gairm oscailte ar rannpháirtíocht san athbheithniú trí r-phost chuig na scoileanna seo agus roghnaíodh sampla ionadaíoch as measc na scoileanna sin a chláraigh spéis. Chuimsigh an chuairt ar gach scoil dhá fhócasghrúpa ar a raibh scoláirí (a bhí ag staidéar ag an am nó a raibh staidéar déanta acu ar an ngearrchúrsa) agus múinteoir(i) an ghearrchúrsa. Nuair ab fhéidir, rinneadh agallamh gairid le ball/baill den fhoireann shinsearach ceannaireachta.

Aighneachtaí i scríbhinn

Iarradh aighneachtaí scríofa trí ghairm oscailte ar www.ncca.ie agus cuireadh teimpléad ar fáil chun tacú le forbairt na haighneachta (Aguisín A). Baineadh feidhm as na meáin shóisialta freisin chun an ghairm oscailte seo a chur chun cinn. Fuarthas aighneachtaí scríofa ó roinnt páirtithe leasmhara agus grúpaí sainleasa agus tá liosta de na heagraíochtaí a rinne aighneachtaí agus a cheadaigh a n-ainmniú sa tuarascáil ar fáil in Aguisín A.

Suirbhé múinteora

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaitheach don suirbhé múinteora, rud a roinneadh trí r-phost le scoileanna ina raibh na gearrchúrsaí ar tairiscint sa scoilbhliain 2021-2022.

Anailísiú sonraí

Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus stóráladh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha i gcomhréir le Beartas Cosanta Sonraí CNCM. Coinníodh príobháideachtas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach

amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán. Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí ar scoláirí a bhí rannpháirteach sna fócasghrúpaí.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh, bunaithe ar thacar de cheisteanna treoracha a bhí in úsáid ar feadh an athbhreithnithe. Tá torthaí na hanailíse seo leagtha amach sa chéad rannán eile den tuarascáil seo mar aon leis na sonraí staitistiúla bainteacha maidir le rannpháirtíocht sa dá athbhreithniú ar na gearrchúrsaí.

4. Aiseolas Athbhreithnithe

Sa rannán seo, tá leagtha amach forléargas ar eispéireas an dá shonraíocht ghearrchúrsa, bunaithe ar an anailís ar aiseolas ón gcomhairliúchán. Bhí gach modh rannpháirtíochta sa chomhairliúchán múnlaithithe thart ar théamaí treoracha a bhí cosúil leo sin a bhí mar bhonn eolais faoin anailís ar an aiseolas. Tá an anailís leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Aidhm an ghearrchúrsa
- Ábharthacht fhoghlaim an scoláire mar a bhí leagtha amach thar na snáithí
- Na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú
- An Measúnú Rangbhunaithe agus na Treoirlínte Measúnaithe
- Aiseolas ó scoileanna i dtaca le tabhairt isteach an ghearrchúrsa

Tá forléargas ar an rannpháirtíocht sna trí mhodh comhairliúcháin a úsáideadh san athbhreithniú leagtha amach do gach gearrchúrsa sna rannáin aonair thíos.

4.1 Códú

Athbhreithniú gearrchúrsa: forbheathnú ar rannpháirtíocht

Roghnaíodh sampla ionadaíoch de shé scoil as measc na scoileanna a léirigh spéis i rannpháirtíocht sa ghné scoilbhunaithe den athbhreithniú. Chuimsigh an sampla seo meascán de scoileanna beaga, ar mhéid mheánach, agus móra, scoileanna DEIS, scoileanna aonghnéis agus scoileanna gnéis mheasctha as measc an réimse d'fhorais bhainistíochta. Bhí na gearrchúrsaí sa Chódú agus sa Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha beirt ar tairiscint i dtrí cinn de na scoileanna seo agus bhí an Códú amháin ar tairiscint mar ghearrchúrsa i dtrí cinn eile. San iomlán, bhí 11 mhúinteoir, 8 gceannaire scoile agus 64 scoláire rannpháirteach san athbhreithniú scoilbhunaithe.

Fuarthas dhá aighneacht scríofa tar éis na gairme oscailte ar aighneachtaí agus d'fhreagair 11 mhúinteoir don suirbhé ar líne.

Aidhm an ghearrchúrsa

Is éard is aidhm le Gearrchúrsa Códaithe na Sraithe Sóisearaí ná 'cumas an scoláire a fhorbairt maidir le fadhbanna a cheapadh go loighciúil; cód a dhearadh, a scríobh agus a thástáil trí chlár, aipeanna, cluichí, beochaintí nó suíomhanna gréasáin a fhorbairt, agus trína ghníomhaíochtaí foghlama roghnaithe chun foghlaim faoin ríomheolaíocht' (ROS, 2016a, lch 5). D'aontaigh tromlach na múinteoirí a d'fhreagair thar gach modh rannpháirtíochta agus na rannpháirtithe a rinne aighneacht scríofa gur éirigh leis an tsonraíocht an aidhm seo a réadú.

Throughout the 3 years of the course students are constantly presented with situations or problem which they must solve. [Students] are required to solve it, formulate solutions, write, and test their code and finally present their completed solution. (Suirbhé ar líne)

Leag múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán béim ar nádúr praiticiúil an ghearrchúrsa mar rud a bhí éifeachtach go maith i dtaca le réadú aidhmeanna an chúrsa agus bhraith scoláirí gur éirigh an tsonraíocht fíor-ábhartha dóibh nuair a bhí siad rannpháirteach go gníomhach le gnéithe den chódú, amhail Scratch a úsáid chun cluiche a dheardh nó HTML agus CSS a úsáid chun suíomh gréasáin a thógáil.

Is amhlaidh, áfach, cé gur aontaigh an mhórchuid de rannpháirtithe go raibh aidhm an ghearrchúrsa á réadú, gurbh fhearr leis na múinteoirí béim ní b'fhollasaí ar an smaointeoireacht ríomhaireachtúil (SR) a fheiceáil:

Although CT is mentioned in the Coding specification, it is given as an example of relevant learning, whereas it would be more relevant if CT were embedded specifically in terms of a statement of learning and a learning outcome. This would support future studies in the area, given that CT is central to the key skills and learning outcomes of the Senior Cycle specification for Computer Science and that it is a fundamental methodology for problem solving in programming. (Aighneacht scríofa)

Bhain cuid den aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí agus ó scoláirí leis an gcéimniú ón ríomhchlár blocbhunaithe in Scratch go dtí teanga théacsbhunaithe amhail Python nó Javascript. B'iondúil é seo a bheith níos riachtanaí i scoileanna ina raibh taithí cheana ag roinnt scoláirí ar Scratch ar feadh roinnt blianta dá mbunoideachas agus/nó ina raibh an Ríomheolaíocht ar tairiscint ag an Ardteistiméireacht. Tá plé breise air seo sa rannán thíos. Tugadh le fios freisin go bhfuil béim níos follasaí sna torthaí foghlama ar réimsí amhail cúrsaí eitice, bogearraí, cruia-earraí, príobháideacht, láimhseáil sonraí agus leibhéal éigin den litearthacht dhigiteach ag teastáil.

Ábharthacht fhoghlaim an scoláire mar atá leagtha amach thar na snáithí

Shonraigh idir scoláirí agus mhúinteoirí go bhfacthas dóibh ábharthacht na foghlama thar shnáithí na sonraíochta Códaithe. Thug múinteoirí le fios go raibh na scileanna códaithe iontach tábhachtach do scoláirí agus, ar an mórgóir, bhí na scoláirí ag teacht leis an tuairim seo. Ba mhór le roinnt múinteoirí am a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí 'neamhphlugáilte' a chódú (obair ar féidir tabhairt fúithi gan ríomhaire nó gléas a bheith ag teastáil, ach a chuireann le tuiscint an scoláire ar an gcaoi a bhfeidhmíonn ríomhchlár) nó bhraith siad gur cúnamh é seo chun cur le tuiscint an scoláire. Dar le tromlach na scoláirí, áfach, go raibh sé seo rótheoiriciúil agus b'fhearr leo obair níos praiticiúla ar an ríomhaire.

Fuarthas amach le linn an athbhreithnithe go mbíonn réimse ilchineálach de thaithí agus réamhfhoghlaim ag na scoláirí a thugann faoin ngearrchúrsa, rud ar féidir dúshlán a bheith ag baint leis maidir lena chinntiú go mbíonn an fhoghlaim ábhartha don uile scoláire.

Léiríodh é seo in éagsúlacht na mbarúlacha maidir le cé acu ba cheart an teanga/na teangacha ríomhchláraithe a leagan síos sa tsonraíocht nó ba cheart neamhspleáchas iomlán a bheith ag scoileanna chun an teanga is fearr a oireann dá gcuid scoláirí a roghnú. Leag roinnt múinteoirí béim ar an dúshlán a bhaineann leis an gcódú téacsbhunaithe nó is féidir go mbeadh sé deacair ag scoláirí é a thuiscint agus a bhriseadh síos, rud a d'fhágfadh go mbeadh níos mó am ranga ag teastáil chun eolas agus tuiscint a fhorbairt. Mar sin féin, léirigh líon suntasach scoláirí frustrachas leis an mbéim iomarcach, dar leo, a cuireadh ar Scratch, agus iad ag tabhairt le fios gur féidir an ríomhchlár a éirí iontach atriallach, go háirithe dóibh sin a d'úsáid sa bhunscoil é. Bhraith roinnt scoláirí agus

múinteoirí go mbeadh sé ní b'ábhartha béim níos láidre a chur ar theangacha amhail Python agus go mbeadh sé seo ní ba dhúshlánaí agus, i ndeireadh na dála, ní ba thaitneamhaí do scoláirí.

I roinnt de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu mar chuid den athbhreithniú, tá an Ríomheolaíocht ar tairiscint freisin mar rogha ábhair ag leibhéal na hArdteistiméireachta. I gcás na scoileanna seo, bhí ábharthacht faoi leith ag baint leis an ngearrchúrsa agus roinnt múinteoirí ag tarraingt ar na Tascanna Foghlama Feidhmí (TFF) i Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta chun ábharthacht na foghlama don scoláire a bhreisiú. Measadh gurbh é a d'eascair as seo ná cur chuige i leith na foghlama a bhí bunaithe níos mó ar an bpraiticiúlacht, mar ar bhain an scoláire feidhm as an bhfadhbriteach agus as cleachtaí deartha agus fócas ann go minic ar thascanna a bhí bunaithe ar fhoirne. Bhraith na scoláirí ar bhonn ginearálta go raibh an obair foirne taitneamhach ábhartha.

When making the robots we worked in groups – we had different roles in the group – for example one person was checking the code while the others were doing other aspects. Everyone brought their own strengths to the group and there was a lot of creativity as well because people were working together. (Fócasghrúpa Scoláirí)

Leag scoileanna ina raibh an Ríomheolaíocht ar tairiscint sa tsraith shinsearach ábharthacht faoi leith ar úsáid an ghearrchúrsa mar 'réamhbhlaiseadh' agus mar bhealach chun cabhrú leis an scoláire tuiscint a chur ar an méid a mbeifí ag súil leis uaidh ach an Ríomheolaíocht a roghnú don Ardeist.

Tharraing idir mhúinteoirí agus scoláirí aird ar na naisc idir an Códú agus réimsí ábhair eile. Thug scoláirí le fios go gcuireann an Códú leis an tuiscint sa Mhatamaitic, go háirithe i dtaca le ceistanna a raibh an loighic ag baint leo agus chuir siad in iúl freisin go mbíonn na scileanna TF a fhorbraítear úsáideach nuair a bhí orthu a lán eolais a chur i láthair nó a chur le chéile, sa Bhéarla, mar shampla, nó nuair a bheidís ag ullmhú le haghaidh MRBanna. Dhírigh roinnt scoileanna aird ar fhoghlaim ábhartha a bhain leis na meáin shóisialta agus suíomhanna gréasáin agus leis an litearthacht dhigiteach ar bhonn níos ginearálta.

Tharraing scoláirí aird freisin ar ábharthacht phróiseas an chódaithe, nó cuireann sé leis an tuiscint gur cuid thábhachtach den phróiseas foghlama é an 'trial agus earráid' agus muid ag tástáil ruda agus ag iarraidh ciall a dhéanamh de. Bhí go leor múinteoirí ag teacht leis seo nó tharraing siadsan aird ar a thábhachtaí atá sé an scoláire a bheith in ann foghlaim ó mheancóga mar chroí-scil inaistrithe.

Na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú

D'aithin múinteoirí a bhí rannpháirteach san athbhreithniú tábhacht na dtorthaí foghlama a bhí leagtha amach sa tsonraíocht mar bhunús chun ceachtanna agus tionscadail spéisiúla a phleanáil. Bhraith roinnt múinteoirí, leis na torthaí foghlama atá ar fáil, go bhfáiltítear roimh an neamhspleáchas agus roimh dheiseanna chun an fhoghlaim a shíneadh, mar shampla, trí ghnéithe den litearthacht sna meáin dhigiteacha a chuimsiú, cé gur bhraith múinteoirí eile gur éascaigh nádúr na dtorthaí foghlama dóibh teagasc agus foghlaim a phleanáil a raibh dúshlán iomchuí ag baint leo, bunaithe ar thaithí agus ar réamhfhoghlaim na scoláirí ina rang.

Unplugged activities can be done – they do cryptography – started with a Caesar cypher, this builds the basis for end-to-end encryption – not technically coding, things like their digital footprint, these are things the kids need to know.
(Fócasghrúpa na múinteoirí)

Is é atá beartaithe leis an bhfoghlaim atá leagtha amach i Snáithe a hAon (Bunchúrsa sa Ríomheolaíocht) ná réamheolas agus buntuisctint a chur ar fáil don uile scoláire, beag beann ar aon réamheolas nó réamhthaithí. I roinnt cásanna, bhí sé seo úsáideach ag múinteoirí agus ag scoláirí chun bonnsraith a chur síos le haghaidh forbairt todhchaí scileanna. Mar sin féin, i gcásanna eile, braitheadh gur féidir é seo a éirí athfhillteach má bhíonn fócas iomarcach ann ar ghníomhaíochtaí ‘neamhphlugáilte’ agus go raibh na scoláirí, go háirithe, ag iarraidh bogadh ar aghaidh chuig gníomhaíochtaí gléas-bhunaithe níos dúshlánaí. Bhí na múinteoirí meabhrach air seo agus rinne iarracht an móiminteam i bhfoghlaim a gcuid scoláirí a chothú, ach d’fhéadfadh sé é seo a bheith deacair i ranganna ina raibh éagsúlacht de réamhthaithí ar an gcódú. Tharraing roinnt múinteoirí aird ar na féidearthachtaí a bhaineann le hobair ghrúpa agus iad ag oibriú leis na torthaí foghlama i Snáithe a hAon, chun an fhoghlaim idir piaraí a chur chun cinn agus chun tacú le raon na n-ábaltachtaí i ngrúpa ranga.

Braitheadh luach faoi leith a bheith ag baint le Snáithe a Dó (Nascaimis) chun an scoláire a thumadh in HTML agus in CSS. Sa snáithe seo, tugann an scoláire faoin bhforbairt gréasáin agus forbraíonn tuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn an t-idirlíon. Tharraing múinteoirí aird ar an ngá a bhí le ham suntasach a chur ar leataobh le haghaidh na dtorthaí foghlama sa snáithe seo, rud a léiríonn, arís eile, mar is féidir taithí agus inniúlacht an scoláire dul i bhfeidhm ar an méid d’am ranga a bhíonn ag teastáil chun an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na luachanna atá leagtha amach sna torthaí foghlama a fhorbairt. Cuimsíonn an snáithe seo deis don scoláire freisin chun gné den ríomheolaíocht a mbeadh spéis faoi leith acu inti a fhiosrú agus bhraith múinteoirí gurbh ionann é seo agus bunús fiúntach don obair thionscadail. D’fháiltigh múinteoirí agus scoláirí araon roimh an bhfócas ar fhorbairt na scileanna inaistrithe amhail rannpháirteachas le piaraí agus taighde a dhéanamh.

Bhraith na múinteoirí a bhí rannpháirteach san athbhreithniú gurbh iad na torthaí foghlama a bhí leagtha amach i Snáithe a Trí (Códú ag an gCéad Chéim Eile) ba dhúshlánaí le bheith ag oibriú leo. Tá sé tábhachtach a lua gur tháinig na múinteoirí a bhí rannpháirteach san athbhreithniú ó réimse de chúlraí éagsúla agus cáilíochtaí foirmiúla sa ríomheolaíocht ag cuid acu, cáilíochtaí iarchéime nó ar líne ag cuid acu agus an códú mar rud a raibh spéis faoi leith acu ann ag cuid eile. Bhraith roinnt múinteoirí go raibh an teanga a úsáideadh i gcuid de na torthaí foghlama i Snáithe a Trí dúshlánach ón taobh teicniúil de agus chonacthas do roinnt múinteoirí gur ghnéithe deacra den ghearrchúrsa iad gnéithe amhail oibreoirí, eagair, liostaí, feidhmeanna, sreabhadh rialúcháin comhthreomhar agus seicheamhach, go háirithe don scoláire nach mbeadh aon réamhthaithí ar an gcódú aige. Tugadh le fios gur féidir go dtógfadh sé am suntasach chun an t-eolas agus an tuiscint seo a fhorbairt i measc scoláirí. Mhol líon suntasach múinteoirí go mbeadh oiliúint bhreise agus áiseanna ábhartha úsáideach i dtaca leis seo agus tarraingíodh aird in athuair ar úsáid na grúpoibre agus na foghlama idir piaraí mar chur chuige úsáideach, i ngrúpaí ranga cumais mheasctha, go háirithe.

An Measúnú Rangbhunaithe agus na Treoirínte Measúnaithe

Is é is teideal don Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) sa Chódú ná *Na Píosaí a Fhí ina Chéile*. Is ionann seo agus toradh na foghlama sna trí shnáithe den ghearrchúrsa agus bíonn scoláirí ag oibriú i

bhfoirne de bheirt nó triúr. Déanann na scoláirí taighde agus déanann a mbogearraí a dheardh, a chur i bhfeidhm agus a thástáil agus déanann siad a gcuid oibre a dhoiciméadú i rith an ama. Cuirtear an obair i láthair a bpiaraí agus a múinteora ansin lena hathbhreithniú. Moltar sna [Treoirínte Measúnaithe](#) thart ar 8-10 n-uair an chloig d'am ranga don MRB (CNCM, 2016, lch 5)

Mheas idir scoláirí agus mhúinteoirí, ar bhonn ginearálta, gur ghné dhearfach a bhí sa ghrúpobair éigeantach sa Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) sa Chódú. Thug roinnt múinteoirí le fios nach dtaitníonn an cur chuige seo le gach uile scoláire ach chuir in iúl gur bhain an mhuintir sin ar dhúshlánaí dóibh an gearrchúrsa sochar as rannpháirteachas lena bpiaraí agus gur mhór le scoláirí eile an deis a fháil an obair a roinnt.

Group work – working with people in the CBA. It's better working with people as it lessens the workload as a student. You can spread it out and divide the work
(Fócasghrúpa Scoláirí)

Tá an MRB deartha le bheith scoláire-lárnach, sa mhéid is gurb iad na scoláirí a shainíonn an fhadhb ar mian leo iarracht a dhéanamh í a shárú lena réiteach ríomhchláraithe. Mar sin féin, is é an múinteoir a bheartaíonn cá huair agus cén chaoi a dtabharfar faoin MRB, rud ar braitheadh breithniú suntasach a bheith ag teastáil ina leith agus an teagasc agus an fhoghlaim á bpleanáil nó tá go leor gnéithe ag baint leis. Ba chosúil an cur chuige i leith roghnú na topaice a bheith éagsúil idir na scoileanna ar tugadh cuairt orthu mar chuid den athbhreithniú, nó chuir roinnt múinteoirí roghanna ar fáil a bhféadfadh scoláirí ceann acu a phiocadh dá MRB, mar shampla, cluiche/beochan bunaithe ar Scratch nó tiomsú suímh gréasáin, cé gur éascaigh múinteoirí eile dá gcuid scoláirí bogadh i dtreo teangacha códaithe níos teicniúla, amhail Python. Tugann an t-aiseolas ón athbhreithniú le tuiscint go mbaineann roinnt tosca leis seo, lena n-áirítear réimse ilchineálach d'ábaltachtaí agus de spéiseanna i measc scoláirí mar aon leis an leibhéal taithí agus muiníne atá ag an múinteoir ó thaobh an chódaithe de. Mhol roinnt múinteoirí a bhí rannpháirteach san athbhreithniú go bhféadfadh CNCM, mar a dhéantar le hábhair eile, treoir nó liosta de thopaicí a chur ar fáil gach bliain don MRB. Thabharfadh sé seo fócas don MRB ach chuirfeadh sé srian freisin leis an méid a d'fhéadfadh an scoláire a dhéanamh. Bhraith daoine eile, áfach, gur bhaolach go mbeadh an bhraistint ann nár léiriú é seo ar fhócas scoláire-lárnach an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, mar ar bunphrionsabail iad rogha agus guth an scoláire den cur chuige seo i leith an mheasúnaithe.

The CBA is a really good way for the students to get creative, put a project of significance (that they can be proud of) together, and work together in teams.
(Fócasghrúpa na Múinteoirí)

I dtaca le formáid an MRB, tugadh le fios le linn an athbhreithnithe go bhféadfadh cur chuige punann-bhunaithe i leith an mheasúnaithe tacú leis an scoláire, le forbairt incriminteach scileanna agus go bhféadfadh sé, chomh maith, go spreagfadh sé seo an scoláire sin nach mbeadh an oiread céanna taithí códaithe aige, nó bheadh sé in ann a dhul chun cinn a fheiceáil cé go mbeadh an scoláire a mbeadh níos mó taithí aige in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ní ba dhúshlánaí.

Measadh na Treoirínte Measúnaithe a bheith soiléir achomair. Léirigh roinnt múinteoirí buarthaí i dtaca le nádúr na nGnéithe Cáilíochta, nó dar leo go raibh siad beagáinín doiléir, agus thug le fios go mbeadh sé níos cuidiúla soiléireacht a fháil maidir le cé acu a bhí na heilimintí ar fad ag teastáil nó eilimint amháin sa chás go mbeadh tagairt déanta di sna tuairiscíní éagsúla. Thuairiscigh roinnt

múinteoirí deacracht freisin i dtaca le caighdeán na hoibre a chuirtear isteach a mheas, agus dúshlán faoi leith, dar leo, ag baint le bheith ag idirdhealú idir Os Cionn na nIonchas agus Thar Barr ar Fad. Mheas roinnt múinteoirí, freisin, na hionchais laistigh den tuairiscín Thar Barr ar Fad, a bheith beagánín míréalaíoch agus dúirt go bhfuil sé chóir a bheith dodhéanta ag scoláire éirimiúil díograiseach dícheallach an gradam is airde a bhaint amach.

Is amhlaidh gur spreag réitigh theicneolaíochta atá ag teacht chun cinn go tapa mar aon le húsáid na hIntleachta Saorga roinnt buarthaí i measc múinteoirí maidir le cé a bheadh ag giniúint an chóid. Mar sin féin, tugadh le tuiscint go bhféadfaí é seo a réiteach trí bhéim a leagan ar an MRB comhlánaithe a chur i láthair agus ansin ceisteanna a bheith ann d'fhonn ceangal an scoláire leis an gcód a forbraíodh a dhéanamh amach.

Bhraith múinteoirí go mbeadh tacaíochtaí breise úsáideach chun tacú leis an MRB, lena n-áirítear stór d'fhoinsí gréasáin agus áiseanna agus samplaí de shaothar scoláirí a choimeád.

Aiseolas ó scoileanna i dtaca le tabhairt isteach an ghearrchúrsa

Tháinig deich gcinn den aon fhreagairt déag sa suirbhé ar líne ó scoileanna ina raibh an gearrchúrsa códaithe á reáchtáil le tréimhse idir ceithre agus naoi mbliana. Sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe, bhí an gearrchúrsa á thairiscint le roinnt mhaith blianta i mbunús na scoileanna seo freisin. Bhain réimse de thosca leis an gcinneadh an Códú a chur ar fáil, ó phróifíl na scoile a ardú ar bhonn áitiúil go dtí tacú le spéiseanna agus scileanna scoláirí, nach rabhthas ag freastal orthu aon áit eile sa churaclam. Is amhlaidh chomh maith go raibh spéis sa teicneolaíocht ag roinnt de na príomhoidí ar cuireadh agallamh orthu agus go bhfacthas dóibh ní hamháin na buntáistí a tháinig lena tabhairt isteach ach a thábhachtaí a bhí sí freisin ar bhonn uilíoch mar réimse foghlama. Tugadh an gearrchúrsa Códaithe isteach i roinnt scoileanna chomh maith mar go bhfacthas gur réamhtheachtaí nádúrtha é do chúrsa Ríomheolaíochta Ardteistiméireachta na scoile agus go mbeadh an scoláire, dá réir, ní b'eolasaí agus roghanna le déanamh aige nó aici tráth níos faide anonn, nó mar go raibh an scoil ag iarraidh an Ríomheolaíocht a thabhairt isteach mar ábhar Ardteistiméireachta agus go gcabhródh an gearrchúrsa leis seo trí chohórt de scoláirí a chruthú a mbeadh idir eolas agus spéis acu san ábhar.

Chonacthas do roinnt ceannairí scoile chomh maith go bhféadfaí cur chuige níos struchtúrtha a chinntiú i leith úsáid TF sa scoil tríd an gCódú a thabhairt isteach. Mar sin féin, tharraing ceannairí scoile aird ar a dheacra atá sé trealamh a cheannach agus a chothabháil, ó ríomhairí go dtí acmhainní amhail *Microbiteanna*. Cuireadh síos don réamhphleanáil go raibh tábhacht faoi leith ag baint léi agus aon ábhar teicneolaíocht-bhunaithe á thabhairt isteach i scoil. Tharraing ceannairí scoile aird freisin ar an ngá a bhí le huasoiliúint a dhéanamh ar na múinteoirí, nó ar a laghad, tacú leo chun na cáilíochtaí iomchuí a bhaint amach.

Ó thaobh an chláir ama de, thug ceannairí le fios go raibh ag méadú ar na héilimh churaclaim, rud a d'fhág gur gá dul siar ar leithdháiltí cláir ama don Chódú. Glacadh le cuir chuige éagsúla i leith an chláir ama, ag brath ar cé acu a bhí an gearrchúrsa ar fáil mar rogha neamhspleách nó mar bhloc de dhá ghearrchúrsa (teaglam, go hiondúil, den Chódú agus den LMD).

4.2 Lítearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Athbhreithniú gearrchúrsa: forbheathnú ar rannpháirtíocht

Roghnaíodh sampla ionadaíoch de shé scoil as measc na scoileanna a léirigh spéis i rannpháirtíocht sa ghné scoilbhunaithe den athbhreithniú. Chuimsigh an sampla seo meascán de scoileanna beaga, ar mhéid mheánach, agus móra, scoileanna DEIS, scoileanna aonghnéis agus scoileanna gnéis mheasctha as measc an réimse d'fhorais bhainistíochta. Bhí na gearrchúrsaí sa Lítearthacht sna Meáin Dhigiteacha (LMD) agus sa Chódú beirt ar tairiscint i dtrí cinn de na scoileanna seo agus bhí an LMD amháin ar tairiscint mar ghearrchúrsa i dtrí cinn eile. San iomlán, bhí 16 mhúinteoir, 7 gceannaire scoile agus 64 scoláire rannpháirteach san athbhreithniú scoilbhunaithe. Fuarthas cúig aighneacht scríofa tar éis na gairme oscailte ar aighneachtaí agus d'fhreagair naonúr múinteoirí don suirbhé ar líne.

Aidhm an ghearrchúrsa

Bhí comhaontú ginearálta ann ina measc sin a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán go bhfuil aidhm an ghearrchúrsa, mar atá leagtha amach i sonraíocht an ghearrchúrsa, á réadú agus go bhfuil an fhoghlaim luachmhar ábhartha do dhaoine óga agus go leor rannpháirtithe den bharúil gur cheart deis a bheith ag an uile scoláire forbairt mar shaoránach digiteach. Bhraith gach rannpháirtí sa chomhairliúchán gur réimse tábhachtach foghlama a bhí ann mar a mbíonn deis ag an scoláire eolas agus scileanna a fhorbairt nach príomhfhócas iad in ábhair eile.

Students are growing up in an increasingly interconnected and constantly evolving digital world. The course specification [...] is relevant and important for this emerging and dynamic literacy. It also scaffolds learning for the majority of senior cycle specifications and syllabi. (Aighneacht scríofa)

Sonraíodh an tábhacht atá le cothromaíocht a bheith ann idir na gnéithe dearfacha agus diúltacha den domhan digiteach nó braithheadh gur féidir claonadh a bheith ann chun béim a chur ar na rioscaí a bhaineann le tú a bheith i do shaoránach digiteach agus a bheith beagáinín faillíoch i dtaobh na mbuntáistí féideartha. Tarraingíodh aird freisin san aiseolas ón gcomhairliúchán an gá atá le fócas níos mó ar an eolas criticiúil agus le scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt a thuilleadh.

Ábharthacht fhoghlaim an scoláire mar atá leagtha amach thar na snáithí

Thug múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán le fios gur ábhar spreagtha do na scoláirí na réimsí foghlama sin, dar leo, is tábhachtaí dá saol. D'aontaigh na scoláirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán leis an aiseolas seo ach bhraith, i roinnt cásanna, gur mhaith leo deis a bheith acu plé ar bhonn níos doimhne le topaicí faoi leith amhail an Intleacht Shaorga (IS) agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus deis a bheith acu a bheith ag smaoineamh go criticiúil faoi gnéithe éagsúla de na meáin dhigiteacha agus dá rannpháirteachas féin ar líne.

Everyone should know about basic internet safety. Some of it is a bit outdated. AI, copyright laws, trademark laws – we need to know how all that works and how it affects us and also how to use the internet positively. (Fócasghrúpa na scoláirí)

B'ionann an dúshlán ba mhó a sainaitníodh le linn an athbhreithnithe agus an gá le bheith ag cabhrú leis an scoláire na scileanna riachtanacha a fhorbairt don domhan digiteach síor-

athraitheach seo, mar a mbeadh an scoláire, mar shampla, feasach ar úsáid IS sa saol nua-aimseartha agus ar na ceisteanna eiticíúla a ghabhann léi:

The elements of the course become dated pretty quickly. Six years ago, AI was not even being discussed in the mainstream media. Now it is becoming one of the biggest discussion points. (Fócasghrúpa na múinteoirí)

We know AI exists, some of us use it every day and it is easy to use. But harder to know why and when it is OK to use it and maybe even how it actually works. (Fócasghrúpa na scoláirí)

Pléadh torthaí foghlama a bhaineann le sábháilteacht ar líne go rialta i rith an athbhreithnithe agus bhraith na scoláirí gur mhaith leo gabháil níos faide ná foghlaim faoin tábhacht a bhaineann le fanacht sábháilte ar líne, agus deis a bheith acu díriú ar na hiarmhairtí a bhaineann le gan bheith i do shaoránach digiteach maith. Tá sé seo ábhartha go háirithe i bhfianaise forbairtí a rinneadh le déanaí i reachtaíocht amhail cionta a bhaineann le comhroinnt íomhánna. Moladh saothar an [Ghrúpa Saineolaithe ar Oideachas ar Shaoránacht Dhigiteach de chuid Chomhairle na hEorpa](#) mar shlat tomhais úsáideach i dtéarmaí torthaí foghlama a bhaineann le húsáid shábháilte agus fhreagrach na teicneolaíochta.

Leag rannpháirtithe san athbhreithniú béim freisin ar an ngá atá le cur chuige cothrom a chinntiú agus gur cheart go mbeadh sé mar bhonn agus mar thaca ag gach snáithe go dtugtar aitheantas do bhuntáistí na teicneolaíochta digití. Moladh freisin gur cheart go mbeadh deiseanna feabhsaithe ag scoláirí na sraithe sóisearaí tabhairt faoi cheachtanna sábháilteachta ar líne sa bhunscoil agus gur cheart machnamh a dhéanamh air seo in aon athbhreithniú ar thorthaí foghlama a bhaineann le sábháilteacht ar líne.

Safety was a big thing, especially in 2nd year. I remember that being repeated a lot. Almost every week, we had a new document we had to read about protecting your image online. (Fócasghrúpa na scoláirí)

Pléadh na torthaí foghlama ar fud na gceithre shnáithe go mion. Ciallaíonn nádúr dinimiciúil na meán digiteach agus na timpeallachta ar líne go bhfuil sé dúshlánach foghlaim an scoláire a leagan amach go mion agus teicneolaíochtaí nua ag teacht chun cinn an t-am ar fad. Mar sin féin, moladh fócas feabhsaithe ar scileanna smaointeoireachta criticiúla toisc go bhféadfadh sé seo tacú leis an scoláire tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar na meáin dhigiteacha a bheadh infheidhme maidir le gach forbairt dhigiteach, idir fhorbairtí reatha agus fhorbairtí atá ag teacht chun cinn.

Reviewing learning outcomes to consider areas such as the role of AI in students' life (positives and challenges), understanding how algorithms work, the design of digital technologies and media, their ability to influence content online, targeting content, the risks, and opportunities they present. Developing a student's critical thinking skills is a core element of understanding digital technologies. (Aighneacht scríofa)

Tugann an méid seo a leanas forbhreathnú ar an aiseolas ó rannpháirtithe san athbhreithniú ar gach ceann de na ceithre shnáithe a leagann béim ar réimsí féideartha le machnamh níos mó a dhéanamh orthu.

Na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú

Measadh gur túsphointe maith iad na torthaí foghlama i Snáithe a hAon (Mo Dhomhan Digiteach) don scoláire ag tabhairt faoin ngearrchúrsa LMD, ag cur fócas ar an scoláire mar rannpháirtí gníomhach sa domhan digiteach agus ag tabhairt treoir do mhúinteoirí i bpleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Moladh go bhféadfaí an fhoghlaim sa snáithe seo a dhéanamh níos ábhartha don scoláire trí mhachnamh a dhéanamh freisin ar an raon ábhar agus cineálacha meán a bhféadfaidh an scoláire rochtain a fháil orthu ar líne; an fhoghlaim a leathnú chun comhroinnt íomhánna agus físeán a chur san áireamh chun reachtaíocht le déanaí sa réimse seo a léiriú; fócas níos mó a chuimsiú ar chearta agus freagrachtaí a thuiscint agus foghlaim maidir le sábháilteacht ar líne a fheabhsú agus a leathnú chun gnéithe amhail príobháideacht, sceitheadh sonraí agus slándáil sonraí a áireamh.

Measadh go raibh torthaí foghlama Snáithe a Dó (Mo Chuid Spéiseanna a Leanúint Ar Líne) an-ábhartha do scoláirí na sraithe sóisearaí agus fócas ar chuardach agus meastóireacht sonraithe mar phríomhréimse foghlama don scoláire ó thaobh scileanna saoil agus mar shaoránaigh dhigiteacha. Tugadh lé fios gur cheart an fócas ar 'théacsanna' sa snáithe a leathnú lena chinntiú go ndéantar iniúchadh ar raon leathan meán ar líne, lena n-áirítear ábhar a ghintear le IS, agus gur cheart don scoláire feasacht a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir ábhar a chur in eagar.

Measadh arís go raibh an fhoghlaim i Snáithe a Trí (Na Fíricí a Sheiceáil) ábhartha don scoláire agus go raibh an fhoghlaim iontach inaistrithe ar fud an churaclaim, sa tsraith shóisearach, agus mar bhunús le hobair thionscadail sa tsraith shinsearach. Moladh gur cheart an fhoghlaim seo a leathnú lena chinntiú go bhfuil tuiscint bhunúsach ag an scoláire ar an gcaoi ar féidir le halgartaim tionchar a imirt ar a eispéireas ar líne agus ar an gcaoi ar féidir leis na meáin dhigiteacha tuairimí an phobail a mhúnlú. Leagadh béim freisin ar thábhacht na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise ina leith seo agus measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh na scileanna ag an scoláire chun tuiscint chríochnúil a chinntiú ar iontaofacht agus ionracas faisnéise araon.

Fáiltíodh go forleathan roimh an bhfócas i Snáithe a Ceathair (Mé Féin a Fhoilsiú) ar úsáid ghníomhach dhearfach na meán digiteach. Tugadh le fios gur cheart an scoláire a spreagadh a thuilleadh lena chuid foghlama ó Shnáitheanna a hAon, a Dó agus a Trí a chur i bhfeidhm anseo, agus go bhféadfaí an fhoghlaim a leathnú chun fócas níos mó a chur ar scileanna litearthachta digití agus ar scileanna litearthachta sna meáin agus an ról a bhíonn ag tionchairí agus 'cruthaitheoirí inneachair'. Moladh freisin an acmhainn atá ag meáin dhigiteacha mar uirlis leis an saoránacht ghníomhach a chur chun cinn mar réimse le scrúdú níos mó a dhéanamh air.

Cheap múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú go raibh na torthaí foghlama measartha soiléir. D'ardaigh siad an deacracht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar a mhúintear chomh hábhartha agus chomh cothrom le dáta agus is féidir mar go mbíonn sé beagáinín dúshlánach ag roinnt múinteoirí fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí atá ag teacht chun cinn i litearthacht sna meáin dhigiteacha. I gcásanna ar leith, leag múinteoirí béim ar thorthaí foghlama ar mheas siad go mbeadh fiúntas ann lena nuashonrú, nó i gcásanna áirithe, gá le soiléireacht níos fearr maidir le hionchais scoláirí. Rinneadh an t-aiseolas seo a chuimsiú sa phlé snáithe ar shnáithe atá leagtha amach thuas. Moladh chomh maith go dtacódh gluais de bhriathra gnímh le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, agus le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire.

Moladh gur cheart go mbeadh deiseanna ag an scoláire fianaise ar a chuid foghlama a léiriú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, taifeadtaí fuaime agus píosaí scríofa a bhféadfadh éagsúlacht níos leithne agus níos saibhre d'eispéiris foghlaimeoirí a bheith mar thoradh orthu a thacaíonn le forbairt scileanna digiteacha.

It would be more beneficial when planning for teaching, learning and assessment if a variety of digital formats were used, as originally envisaged by the specification in order to motivate and engage students. (Aighneacht scríofa)

Bhraith gach múinteoir a ghlac páirt san athbhreithniú go mbeadh fáilte roimh níos mó tacaíochta. Mhóthaigh múinteoirí go raibh gá le leibhéal áirithe muiníne agus tuisceana a bheith acu ar an domhan digiteach chun LMD a mhúineadh. I roinnt scoileanna níl ach múinteoir LMD amháin ann, agus is féidir leis seo a bheith dúshlánach ó thaobh pleanáil, comhoibriú agus deis a bheith ann acmhainní a roinnt. I scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir amháin ar an amchlár don ghearrchúrsa, mheas múinteoirí go raibh sé tairbheach smaointe a phlé, a phleanáil agus a roinnt i gcomhar le chéile. Tugadh le fios go mbeadh fáilte roimh aonaid shamplacha foghlama, cosúil leo siúd atá ar fáil do roinnt ábhar sa tsraith shóisearach, agus mheas múinteoirí eile go mbeadh fáilte roimh rochtain ar acmhainní a bhí ábhartha ó thaobh 'aois agus céim' de agus cothrom le dáta. Chomh maith leis sin, chabhrófaí le tacú le múinteoirí ach feasacht a ardú ar an réimse acmhainní atá ar fáil faoi láthair.

I feel there can be of a lack of resources and concrete guidance on what to do – this makes it more difficult to plan lessons and is time consuming especially when you have other subjects to prepare and plan for. (Suirbhé ar líne)

Leag aighneachtaí scríofa a fuarthas i rith an athbhreithnithe béim ar an raon tacaíochtaí atá ar fáil, lena n-áirítear iad siúd a thairgeann Webwise, SFGM Teicneolaíocht san Oideachas, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí¹, na hEalaíona sa tSraith Shóisearach agus Tuiscint ar na Meáin, Éire. Sonraíodh deiseanna do naisc thraschuraclaim freisin, agus tagraíodh do OSPS agus OSSP go háirithe. Tugadh faoi deara, áfach, go mbraitheann múinteoirí go bhfuil rudaí ag dul sa mhuilleann orthu agus iad ag iarraidh na hacmhainní is oiriúnaí agus is cothroime le dáta a aimsiú chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Moladh freisin go mbainfeadh múinteoirí leas as FGL a chuimsíonn treoir phraiticiúil maidir le conas an leas is fearr a bhaint as acmhainní atá ar fáil.

¹ Chuir an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí FGL ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Tá an tseirbhís mar chuid d'Oide anois, seirbhís tacaíochta nua chónasctha.

An Measúnú Rangbhunaithe, na Treoirlínte Measúnaithe agus tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire

Measadh go raibh na [Treoirlínte Measúnaithe](#) (CNM, 2017) ina dtreoir chabhrach chun an tionscadal deiridh don Measúnú Rangbhunaithe (MRB) a chur i gcrích. Sonraítear sna treoirlínte gur féidir leis an scoláire ábhar dá spéis féin a roghnú agus gur féidir leis cinneadh a dhéanamh faoin bhformáid dhigiteach ina gcuirfear an tionscadal i láthair agus ina bhfoilseofar é, agus go bhfuil 6-8 n-uair an chloig d'am ranga i gceist leis an MRB. Cuireadh fáilte roimh an neamhspleáchas chun an tionscadal a bhunú don MRB thart ar aon réimse spéise a bhaineann leis an gcúrsa, ach mhol roinnt múinteoirí go mbeadh treoir agus tacaíochtaí níos fearr do d'ábhair fhéideartha ina gcuidiú.

The broad nature of the CBA creates its own challenges – some students need clear guidance when dealing with vague broad tasks. It is very beneficial to other students, where they loved the freedom to research an issue. (Fócasghrúpa na múinteoirí)

D'fháiltigh formhór na scoláirí a ghlac páirt san athbhreithniú roimh an neamhspleáchas a thugann an Measúnú Rangbhunaithe agus roimh an deis díriú ar ábhar a bhfuil spéis acu ann. Mheas líon beag scoláirí go raibh oscailteacht an MRB dúshlánach maidir le díriú ar réimse fócais. Tugadh le fios freisin go dtugann an MRB deiseanna chun naisc thraschuraclaim a dhéanamh agus an acmhainn ann topaicí amhail litearthacht sláinte a fhiosrú agus faisnéis iontaofa a bhaineann leis an tsláinte a aimsiú.

Cuireadh fáilte, tríd is tríd, roimh an bhfócas ar an MRB a chur i láthair i bhformáid dhigiteach de rogha an scoláire agus bhí na scoláirí spreagtha go háirithe nuair a bhí an tsaoirse acu aon fhoráid ba mhian leo a roghnú, le vlaganna, blaganna, podchraoltaí, suíomhanna gréasáin, leabhair dhigiteacha, cuir i láthair PowerPoint agus foilseacháin Canva luaite mar fhoráidí ar baineadh úsáid astu. Tugann na Treoirlínte Measúnaithe le fios freisin go bhféadfaí deis a thabhairt don scoláire gnéithe dá thionscadal a chur i láthair lucht féachana oiriúnach. Bhí deis ag roinnt scoláirí a ghlac páirt san athbhreithniú cur i láthair a dhéanamh faoina MRB don rang agus mheas a bhformhór go raibh sé seo tairbheach ó thaobh forbairt scileanna de. D'oibrigh roinnt scoláirí i ngrúpaí chun an tionscadal a chur i gcrích, rud a thaitin le cuid acu ach a bhí dúshlánach ag roinnt eile acu.

Luaigh roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara an gá atá le samplaí anótáilte de MRBanna agus mheas cuid eile go mbeadh forbheathnú breise ar réimsí féideartha le haghaidh iniúchta mar chuid den tionscadal úsáideach mar shlat tomhais, ag tógáil ar na samplaí atá curtha ar fáil ar leathanach 10 den tsonraíocht. Luadh na ceisteanna scoláirí a cuireadh ar fáil ar leathanach 9 de na Treoirlínte Measúnaithe mar acmhainn úsáideach freisin agus moladh go bhféadfaí tógáil orthu sin nó iad a nuashonrú chun tacú le scoláirí agus múinteoirí a thuilleadh.

Mheas formhór na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú go raibh na Gnéithe Cáilíochta úsáideach agus réasúnta éasca le cur i bhfeidhm ar obair an scoláire, cé gur léirigh roinnt múinteoirí ábhair imní faoin idirdhealú idir na tuairiscíní. D'ardaigh roinnt múinteoirí an gá le tuilleadh soiléireachta maidir le feacht ar shaincheisteanna eiticíúla agus dlíthíúla agus conas a d'fhéadfadh an scoláire é seo a léiriú, agus gá le béim a chur ar fhoinsí tagartha. Moladh freisin gur cheart gné éigin d'eolas criticiúil a chur san áireamh i measúnú an MRB chun rannpháirtíocht chriticiúil níos doimhne leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht a chur chun cinn.

Chuir scoláirí fáilte ar leith roimh an gcaoi nach ann do scrúdú deiridh, ach bhí díomá ar roinnt scoláirí nár taifeadadh a gcuid gnóthachtálacha in LMD ar a dteastas ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus gurbh éigean dóibh fanacht go dtí go bhfoilsítear Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) lena dtoradh a fháil i bhformáid oifigiúil. Mhottaigh idir mhúinteoirí agus cheannairí scoile go raibh tionchar aige seo ar stádas na ngearrchúrsaí agus, i gcásanna áirithe, ar dhearcadh tuismitheoirí ar ghearrchúrsaí, toisc go bhfuil moill ar bhronnadh an PGSS le blianta beaga anuas mar gheall ar shaincheisteanna eile, lena n-áirítear torthaí scrúduithe CSS a bheith foilsithe níos déanaí.

Aiseolas ó scoileanna i dtaca le tabhairt isteach an ghearrchúrsa

Suíodh le rannpháirtíocht leis na scoileanna i rith an athbhreithnithe go raibh roinnt cuir chuige éagsúla ann maidir le socrú amchláir an ghearrchúrsa, chomh maith le léargas a thabhairt ar an réasúnaíocht a bhaineann le gearrchúrsaí a thairiscint, agus roinnt buntáistí agus dúshlán a mheastar a bheith ann. Tríd is tríd, thug scoileanna, a thairgeann an gearrchúrsa, DML isteach chun a chinntiú go bhfuil an scoláire ar an eolas faoi dhúshlán an domhain ar líne, chun cabhrú leis an scoláire agus é ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus chun tacú le scoláire riar scileanna saoil inaistrithe a fhorbairt.

Thairg gach scoil ar tugadh cuairt orthu mar chuid den athbhreithniú an gearrchúrsa thar na trí bliana den tsraith shóisearach, agus bhí na socruithe amchláir éagsúil chun fad na tréimhse ranga a úsáideadh a léiriú (40 nóiméad i gcomparáid le huair an chloig). I gcásanna áirithe, thairg scoileanna rogha don scoláire idir dhá ghearrchúrsa agus bhí Códú, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha agus Taibhiú Ealaíne ar na gearrchúrsaí ba choitianta i measc na scoileanna ar tugadh cuairt orthu. I scoileanna eile, tairgeadh dhá ghearrchúrsa mar ‘phacáiste’ agus roghnódh an scoláire an rogha ghearrchúrsa in ionad ábhair ó na roghanna a bhí ar fáil. Chuir roinnt ceannairí scoile ábhair imní in iúl maidir le cumas a scoile roghanna gearrchúrsa a chur ar fáil laistigh den amchlár mar gheall ar bhrú curaclaim a bheith ag méadú. Measadh gur dúshlán ar leith é seo ag scoileanna a thairgeann gearrchúrsa aonair amháin.

Ar na príomhbhuntaistí a bhaineann le rogha ghearrchúrsa a thairiscint a sainithníodh, bhí deis chun soláthar curaclaim a éagsúlú agus deis a thabhairt don scoláire eolas agus scileanna a fhorbairt a measadh a bheith riachtanach dá saol laethúil agus inaistrithe ar fud an churaclaim agus ag an am céanna cabhrú leis an scoláire a bheith ina shaoránach gníomhach eolasach i ndomhan atá ag éirí níos digití. I measc na ndúshlán a tháinig chun cinn, bhí dúshlán a chinntiú go raibh múinteoir ag an scoil ag a raibh na scileanna agus na spéiseanna le freastal ar inneachar an ghearrchúrsa, acmhainn a fhorbairt le foireann múinteoirí a bhí ar fáil chun an gearrchúrsa a mhúineadh gan tionchar a imirt ar réimsí ábhair eile, rochtain ar fhorbairt ghairmiúil agus, i gcásanna áirithe, rochtain ar acmhainní digiteacha in ainneoin an mhaoinithe a bhí ar fáil do scoileanna faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020.

5. Na chéad chéimeanna eile

Ba mhaith le CNCM aitheantas a thabhairt do na múinteoirí, na scoláirí, na ceannairí scoile agus na páirtithe leasmhara agus na heagraíochtaí eile a chuidigh leis na hathbhreithnithe seo agus buíochas a ghabháil leo. Tá léargais luachmhara ina n-aiseolas ar an gcaoi ar achtaíodh na sonraíochtaí gearrchúrsa seo i scoileanna mar chuid den Chreat don tSraith Shóisearach, agus ar an gcaoi ar féidir le gearrchúrsaí leanúint ar aghaidh ag cur le heispéireas foghlama an scoláire.

Cuimhnítear sa chuid seo den tuairisc ar an aiseolas ón athbhreithniú chun croí-léargais agus freagraí beartaithe a aithint. Agus é sin á dhéanamh, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don iarracht neamhghnách a dhéanann ceannairí scoile agus múinteoirí le deiseanna a thairiscint don scoláire dul i ngleic le gearrchúrsaí mar chuid de chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach.

Fiosraítear an t-aiseolas faoi dhá cheannteideal:

- Aiseolas a bhaineann go díreach leis na gearrchúrsaí sa Chódú/i Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha
- Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach.

5.1 Aiseolas a bhaineann go díreach leis na gearrchúrsaí sa Chódú/i Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Leag an t-athbhreithniú béim ar eispéireas dearfach na ngearrchúrsaí mar chuid de churaclam na sraithe sóisearaí. Is léir ón athbhreithniú go dtugann tabhairt isteach gearrchúrsaí ar nós Códú agus Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha deis do scoileanna na heispéiris foghlama don scoláire a leathnú, freagairt do spéiseanna an scoláire agus rochtain a sholáthar ar réimsí foghlama nach gclúdaítear leis an teaghlaim d'ábhair churaclaím atá ar fáil sa scoil. Léiríonn an fás atá tagtha ar líon na scoileanna a thairgeann an dá ghearrchúrsa seo go bhfuil méadú tagtha ar líon na scoileanna a shaináithin go bhfuil an fhoghlaim ó na gearrchúrsaí seo tábhachtach don scoláire.

Soláthraíonn croí-léargais a fuarthas tríd an athbhreithniú roinnt réimsí lena mbreithniú laistigh den dá ghearrchúrsa freisin. Tugtar breac-chuntas ar na réimsí seo, mar aon le roinnt freagraí beartaithe a mbeifear ag gníomhú orthu sa ghearrthéarma, sna rannáin thíos. Is féidir oibriú ar réimsí gníomhaíochta atá leagtha amach laistigh de na freagraí atá beartaithe in R3 agus R4, 2024 agus tá Sonraíochtaí agus Treoirínte Measúnaithe athbhreithnithe ar fáil do scoláirí sa chéad bhliain a bheidh ag teacht isteach in 2025.

Códú: Croí-léargais agus freagraí beartaithe

Croí-léargais	Freagraí beartaithe
<p>Tá mian ann go bhfoghlaiméoidh scoláirí réimse scileanna leathana smaointeoireachta ríomhaireachtúla agus go bhforbróidh siad tuiscint ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ríomheolaíocht agus leis an gcódú, lena n-áirítear tionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.</p> <p>Ba cheart go mbeadh deis agus dúshlán ann sa ghearrchúrsa seo do gach scoláire beag beann ar an taithí a bhí aige roimhe seo.</p>	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama laistigh den tsonraíocht lena chinntiú go ndíreofar ar smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus ar ghnéithe amháil eitic, príobháideacht agus láimhseáil sonraí, agus litearthacht dhigiteach laistigh de thorthaí foghlama cuí.</p> <p>Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht an réimse teangacha a d'fhéadfadh an scoláire a fhoghlaim agus a chur i bhfeidhm ina staidéar ar Chódú a leathnú lena chinntiú go bhfuil dóthain dúshláin roimh an scoláire agus go dtacaítear leis ina chuid foghlama.</p>
<p>D'fhéadfadh an t-am atá ag teastáil ón scoláire chun an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a fhorbairt a bheith éagsúil bunaithe ar réamhfhoghlaim agus ar thaithí an scoláire.</p>	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama lena chinntiú go bhfuil siad solúbtha go leor chun deiseanna agus dúshláin a chur ar fáil don scoláire.</p>
<p>Is féidir leis an teanga theicniúil atá á húsáid i gcuid de na torthaí foghlama a bheith dúshlánach do mhúinteoirí ar rud réasúnta nua dóibh é an Códú a mhúineadh nó dóibh siúd nach bhfuil cáilíocht fhoirmiúil acu sa ríomheolaíocht.</p>	<p>Gluais a chur san áireamh mar Aguisín chun tacú le comhthuisicint ar na téarmaí teicniúla a úsáidtear sa tsonraíocht.</p> <p>Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainn atá sna tacaíochtaí coimeádta breise do theagasc agus d'fhoghlaim don ghearrchúrsa le hOide agus ardú feasachta a mholadh ar acmhainní atá ar fáil agus úsáideach faoi láthair.</p>
<p>Is féidir leis an gcumas atá ag gach scoláire a bheith dúshlánach nuair a bhíonn scoláirí ag tabhairt faoin MRB a chríochnú in ainneoin nádúr grúpa-bhunaithe na hoibre.</p>	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar an MRB agus ar Threoirlínte Measúnaithe agus measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht bailiúcháin oibre/punainne scoláire mar fhormáid MRB.</p>

Tá sé tábhachtach go leagfaidh an MRB leibhéal réalaíoch dúshlán amach agus gur féidir le múinteoirí é a mheas go héasca. Is féidir leis na Gnéithe Cáilíochta a bheith doiléir in áiteanna, agus d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach do mhúinteoirí idirdhealú a dhéanamh idir tuairiscíní.

Athbhreithniú a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta in éineacht le hobair athfhorbartha fhéideartha bunaithe ar an MRB féin, agus a chinntiú go soláthraíonn an teanga a úsáidtear soiléireacht agus go leagtar amach ionchais réalaíocha don scoláire tar éis dó gearrchúrsa 100 uair an chloig a chríochnú.

Cruthaíonn teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an Intleacht Shaorga (IS) dúshlán shuntasacha d'fhorbairt an chóid i ngach teanga agus ní mór é seo a mheas maidir leis an gcaoi a ngineann agus a dtuigeann an scoláire cód sa seomra ranga mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim agus san obair a chuirtear i gcrích don MRB.

Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht tagairt a dhéanamh go sainráite don IS laistigh den tsonraíocht agus fócas ann ar chód a thuiscint agus a chur in eagar chomh maith le cód a ghiniúint.

Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na Treoirlínte Measúnaithe a chur ar chumas múinteoirí treoir níos fearr a thabhairt agus a chinntiú, má tá IS á úsáid ag an scoláire, go ndéanann sé amhlaidh go heiticiúil agus go freagrach.

Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha: Croí-léargais agus freagraí beartaithe

Croí-léargais	Freagraí beartaithe
<p>Ba cheart go leagfadh aidhm na sonraíochta LMD béim níos mó ar litearthacht agus a bheith feasach go criticiúil. Thacódh béim fheabhsaithe ar an aidhm seo ar fud na snáitheanna leis an scoláire a bheith ag forbairt mar shaoránach digiteach gníomhach.</p>	<p>Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar aidhm na sonraíochta chun gné litearthachta an chúrsa a ghabháil ar bhealach níos fearr agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le scoláire a bheith ag forbairt eolas criticiúil agus a bheith ina rannpháirtí gníomhach i spásanna digiteacha.</p> <p>Insint snáithe ghairid a chur san áireamh chun cur leis an bhforbhreathnú ar an gcúrsa, naisc thras-snáithe a chur chun cinn agus tacú le múinteoirí aidhm na sonraíochta a bhaint</p>

	amach (lena n-áirítear fócas feabhsaithe ar litearthacht agus a bheith feasach go criticiúil).
Tríd is tríd, measadh go raibh na torthaí foghlama laistigh den tsonraíocht leathan agus gur éascaigh siad cuir chuige sholúbtha i leith teagaisc agus foghlama. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí sa tírdhreach digiteach, lena n-áirítear gnéithe amhail an Intleacht Shaorga.	Athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama ar fud na gceithre shnáithe chun forbairtí digiteacha a chur san áireamh, lena n-áirítear IS, lena chinntiú go dtacaíonn na torthaí foghlama leis an scoláire na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann leis na meáin dhigiteacha agus leis an timpeallacht ar líne a thuiscint. A chinntiú go bhfuil contanam foghlama ann a thógann ar a réamhfhoghlaim agus ar a thaithí mar shaoránach digiteach.
Ní mór roinnt machnaimh a dhéanamh lena chinntiú go dtógann foghlaim an scoláire ar an taithí a bhí aige roimhe agus a thaithí phearsanta féin.	Mír ghearr a chur an áireamh maidir le dul chun cinn atá cosúil leis an mír atá san áireamh sna sonraíochtaí reatha le haghaidh ábhair na sraithe sóisearaí, chun tacú le múinteoirí cur le réamheolas agus réamhfhoghlaim an scoláire.
D'fhéadfadh sé a bheith deacair na hionchais don scoláire a mheas laistigh de thorthaí foghlama áirithe.	Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama aitheanta lena chinntiú go dtacaítear le múinteoirí maidir le hionchais a aithint don scoláire.
Is réimse dinimiciúil foghlama é litearthacht sna meáin dhigiteacha, agus uaireanta bíonn sé dúshlánach acmhainní cuí a aimsiú chun tacú le teagasc agus foghlaim mar gheall ar éagsúlacht leathan na n-ábhar atá ar fáil ar líne.	An gá atá le tacaíochtaí coimeádta breise don teagasc agus don fhoghlaim d'Oide, Webwise agus Tuiscint ar na Meáin, Éire, a chur in iúl, agus tacú le feasacht a ardú ar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair.
Is féidir go mbeidh sé dúshlánach ag múinteoirí agus scoláirí a chinntiú go bhfuil an tionscadal deiridh dúshlánach go leor don Mheasúnú Rangbhunaithe agus bheidís buíoch as tacaíochtaí breise sa réimse seo.	Tacaíochtaí feabhsaithe a chur ar fáil le haghaidh measúnaithe laistigh de shonraíocht an ghearrchúrsa agus/nó Treoirlínte Measúnaithe, lena n-áirítear tuilleadh samplaí a sholáthar de thionscadail a d'fhéadfaí a dhéanamh agus ceisteanna leide an scoláire sna Treoirlínte Measúnaithe a leathnú.

Bheadh níos mó soiléireachta maidir le tagairtí do shaincheisteanna eiticíúla agus dlíthiúla agus conas a d'fhéadfadh an scoláire feasacht orthu seo a léiriú ina chuidiú agus d'fhéadfaí measúnú ar fheasacht chriticiúil an scoláire a mheas mar chuid den MRB.

Athbhreithniú a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta agus fócas ar leith ann ar an ngné a thagraíonn do shaincheisteanna eiticíúla/dlíthiúla chun soiléireacht a chinntiú, agus machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht gné éigin d'eolas criticiúil a chur san áireamh sna Gnéithe Cáilíochta de réir mar is ábhartha.

5.2 Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach

Roinnfear aiseolas ón athbhreithniú seo leis na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. I measc na gcroí-léargas ina leith seo tá:

- Tionchar dearfach na ngearrchúrsaí ar sholáthar curaclaim, ar fhoghlaim an scoláire agus ar fhorbairt réimse príomhscileanna
- Dearcthaí an scoláire ar na buntáistí a bhaineann leis an líon laghdaithe imeachtaí measúnaithe a bhaineann le gearrchúrsaí
- Na buntáistí a bhaineann le nádúr scoláire-lárnach an MRB sa dá ghearrchúrsa agus an neamhspleáchas a thugtar leis na Treoirlínte Measúnaithe
- Na dúshláin atá roimh scoileanna maidir le gearrchúrsaí a thairiscint agus a chur ar an amchlár i spás curaclaim atá ag éirí níos gnóthaí agus ina bhfuil rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach ag teastáil ón scoláire.
- Na dúshláin a bhíonn le sárú maidir le roghanna gearrchúrsa a thairiscint ina dteastaíonn muinín, eolas agus tuiscint ar leith ó mhúinteoirí
- An gá atá le tuairisciú tráthúil ar an MRB tríd an PGSS chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtáil an scoláire.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil staidéar taighde ar siúl arb é is aidhm dó iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar an Chreata don tSraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna in Éirinn. Mar staidéar fadaimseartha, tá taithí na scoileanna á bhfiosrú thar thréimhse ceithre bliana, d'fhonn an chastacht, na dúshláin agus na héachtaí a bhaineann le hachtú an Chreata don tSraith Shóisearach a ghabháil. Tabharfaidh na tuarascálacha atá ag teacht chun cinn léargas breise ar eispéireas na sraithe sóisearaí i scoileanna. Tá tuarascálacha ón staidéar ar fáil [trí shuíomh gréasáin an staidéir](#).

Tagairtí

Comhairle na hEorpa (2023) *Oideachas ar Shaoránacht Dhigiteach* [ar líne]
<https://www.coe.int/en/web/digital-citizenship-education> [rochtain ar an 10 Iúil 2023].

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) *Creat don tSraith Shóisearach* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016a) *Sonraíocht don Ghearrchúrsa Códaithe* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016b) *Sonraíocht don Ghearrchúrsa Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016c) *Sonraíocht le haghaidh Ríomheolaíocht na hArdeistiméireachta* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2017) *Códú: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe* (Baile Átha Cliath: CNCM)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2017) *Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe* (Baile Átha Cliath: CNCM)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí*
Beartas Nuashonraithe Cosanta Sonraí (Baile Átha Cliath: CNCM) [ar líne] ar fáil
<https://ncca.ie/en/resources/ncca-data-protection-policy/> https://ncca.ie/media/4810/ncca-data-protection-policy_ga.pdfpdf [rochtain ar an 14 Bealtaine 2023]

Aguisín A:

Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn ó na heagraíochtaí seo a leanas:

Códú

- Cigireacht na Roinne Oideachais
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha

- Cigireacht na Roinne Oideachais
- Institiúid um Meáin Toghcháil, Daonlathas agus Sochaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar le EDMO Ireland (mol na hÉireann den Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha)
- Foras Croí na hÉireann
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
- Webwise

Tá na teimpléid a chuirtear ar fáil chun aighneachtaí scríofa a threorú san áireamh sa chuid seo freisin.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraíaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Teimpléad Codaithe le haghaidh Aighneachtaí Scríofa

Tá athbhreithniú léargais luatha á dhéanamh ag CNCM ar shonraíocht ghearrchúrsa na sraithe sóisearaí do Chódú. Is é an cuspóir don athbhreithniú seo aiseolas a bhailiú ó bhainistíocht scoile, ó mhúinteoirí/oidoírí, ó scoláirí agus ó pháirtithe leasmhara maidir le taithe ar an ngearrchúrsa i gCódú.

Déanfar aiseolas don athbhreithniú a thiomnú trí chuirteanna scoile, aighneachtaí scríofa agus suirbhéanna ar líne. Déanfar anailís ar an aiseolas go léir, agus foilseofar tuarascáil. Bainfidh CNCM úsáid as an aiseolas seo chun tacú le hiar-bhunscoileanna Códú a chur i bhfeidhm ina gcuid scoileanna.

Bain úsáid as na leideanna thíos agus seol d'aiseolas scríofa ar ais trí ríomhphost chuig consultations@ncca.ie agus é marcáilte 'Códú na Sraithe Sóisearaí' i líne ábhair an ríomhphoist, faoin Luan, an 29 Bealtaine.

Beidh sé ina chuidiú agat rochtain a fháil ar chóip den tsonraíocht um Chódú sula gcomhlánóidh tú an suirbhé. Is féidir teacht air seo anseo <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/short-courses/coding/> i dteannta leis na Treoirlínte Measúnaithe don ghearrchúrsa.

1. Is éard is aidhm leis an tsonraíocht um Chódú ná 'cumas an scoláire a fhorbairt maidir le fadhbanna a cheapadh go loighciúil; cód a dhearadh, a scríobh agus a thástáil trí chlár, aipeanna, cluichí, beochaintí nó suíomhanna gréasáin a fhorbairt, agus trína ghníomhaíochtaí foghlama roghnaithe chun foghlaim faoin ríomheolaíocht. An mbaineann an tsonraíocht um Chódú an aidhm seo amach? An ndéanann sé foghlaim faoi na rudaí atá fíorthábhachtach don chódú a ghabháil agus a éascú? I bhfocail eile, trí pháirt a ghlacadh sa chúrsa seo, an dtuigeann an scoláire topaicí atá ábhartha agus tábhachtach i gcódú/ríomheolaíocht, an leagann sé luach orthu agus an ndéanann sé gníomh cuí ina leith?
2. An bhfuil aon ní in easnamh nó topaicí a gcaithfear níos mó béime a leagan orthu nó a chur leo go soiléir laistigh den tsonraíocht?
3. Ceard iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí agat maidir le húsáid a bhaint as na torthaí foghlama laistigh den tsonraíocht chun pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú?
4. An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith a d'oibrigh go maith ó thaobh teagasc, foghlama, agus measúnaithe de?
5. An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith atá doiléir nó achrannach?
6. Cén t-aiseolas ba mhaith leat a thabhairt dúinn maidir le tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)?
7. An bhfuil na Treoirlínte Measúnaithe ina gcabhair nó an bhfuil aon rud in easnamh?
8. Ar an iomlán, céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an ngearrchúrsa i gCódú a theagasc go dtí seo?
9. Aon aiseolas breise nach bhfuil clúdaithe sna ceisteanna thuas?



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Teimpléad um Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha le haghaidh Aighneachtaí Scríofa

Tá athbhreithniú léargais luatha á dhéanamh ag CNCM ar shonraíocht ghearrchúrsa na sraithe sóisearaí do Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha. Is é an cuspóir don athbhreithniú seo aiseolas a bhailiú ó bhainistíocht scoile, ó mhúinteoirí/oideoirí, ó scoláirí agus ó pháirtithe leasmhara maidir le taithí ar ghearrchúrsa Litearthachta ar na Meáin Dhigiteacha.

Déanfar aiseolas don athbhreithniú a thiomnú trí chuirteanna scoile, aighneachtaí scríofa agus suirbhéanna ar líne. Déanfar anailís ar an aiseolas go léir, agus foilseofar tuarascáil. Bainfidh CNCM úsáid as an aiseolas seo chun tacú le hiar-bhunscoileanna Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha a chur i bhfeidhm ina gcuid scoileanna.

Úsáid na leideanna thíos chun aiseolas scríofa a thabhairt ar Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha na Sraithe Sóisearaí agus seol d'aiseolas scríofa i ríomhphost chuig consultations@ncca.ie agus é marcáilte 'Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha na Sraithe Sóisearaí' i líne ábhair an ríomhphoist, faoin **Luan, an 29 Bealtaine**.

Beidh sé ina chuidiú agat rochtain a fháil ar chóip den tsonraíocht um Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha sula gcomhlánóidh tú an suirbhé. Is féidir teacht air seo anseo

<https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/short-courses/digital-media-literacy/> i dteannta leis na Treoirínte Measúnaithe don ghearrchúrsa.

1. Is éard is aidhm leis an tsonraíocht um Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha ná 'cumas an scoláire a mhéadú agus a bheachtú le teicneolaíocht dhigiteach, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid go cruthaitheach, go criticiúil agus go sábháilte, mar thaca lena bhforbairt, foghlaim agus cumas páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol sóisialta agus pobail. An mbaineann an tsonraíocht um Litearthacht ar na Meáin Dhigiteach an aidhm seo amach? An ndéanann sé foghlaim faoi na rudaí atá fíorthábhachtach don tsaoránacht dhigiteach a ghabháil agus a éascú? I bhfocail eile, trí pháirt a ghlacadh sa chúrsa seo, an dtuigeann an scoláire topaicí atá ábhartha agus tábhachtach sa domhan ar líne, an leagann sé luach orthu agus an ndéanann sé gníomh cuí ina leith?
2. An bhfuil aon ní in easnamh nó topaicí a gcaithfear níos mó béime a leagan orthu nó a chur leo go soiléir laistigh den tsonraíocht?
3. Ceard iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí agat maidir le húsáid a bhaint as na torthaí foghlama laistigh den tsonraíocht chun pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú?
4. An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith a d'oibrigh go maith ó thaobh teagaisc, foghlama, agus measúnaithe de?

5. An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith atá doiléir nó achrannach?
6. Cén t-aiseolas ba mhaith leat a thabhairt dúinn maidir le tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe?
7. An bhfuil na Treoirlínte Measúnaithe ina gcabhair nó an bhfuil aon rud in easnamh?
8. Ar an iomlán, céard iad na buanna agus na dúshláin a bhain leis an ngearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha a theagasc go dtí seo?
9. Aon aiseolas breise nach bhfuil clúdaithe sna ceisteanna thuas?



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment